Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Iúil 2020**
**(OR. en)**

**9334/20**

**AGRI 195**
**PHYTOSAN 14**
**PESTICIDE 20**
**ENV 395**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 1 Iúil 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8497/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 5/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal Sustainable use of plant protection products: limited progress in measuring and reducing risks [Úsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí: dul chun cinn teoranta maidir le rioscaí a thomhas agus a laghdú]<br>- Conclúidí ón gComhairle (1 Iúil 2020) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 5/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Sustainable use of plant protection products: limited progress in measuring and reducing risks* [Úsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí: dul chun cinn teoranta maidir le rioscaí a thomhas agus a laghdú], a d'fhormheas Comhairle an Aontais Eorpaigh an 1 Iúil 2020 tríd an nós imeachta i scríbhinn.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 5/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Sustainable use of plant protection products: limited progress in measuring and reducing risks* [Úsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí: dul chun cinn teoranta maidir le rioscaí a thomhas agus a laghdú]**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(1) IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 5/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ('An Chúirt') dar teideal *Sustainable use of plant protection products: limited progress in measuring and reducing risks* [Úsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí: dul chun cinn teoranta maidir le rioscaí a thomhas agus a laghdú];

(2) ADMHAÍONN SÍ, i bhfianaise an mhéadaithe atá tagtha ar imní an phobail maidir leis na rioscaí a bhaineann le húsáid lotnaidicídí, cinneadh na Cúirte gur beag dul chun cinn a bhí ann go dtí seo maidir leis na rioscaí a bhaineann le húsáid táirgí cosanta plandaí ('TCPanna') a thomhas agus a laghdú;

(3) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé dlús a chur le húsáid inbhuanaithe TCPanna agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann le critéir phraiticiúla maille le moltaí a dhéanamh as an mbainistiú comhtháite lotnaidí (IPM);

(4) CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS, áfach, nach ionann ar chor ar bith an túsphointe a bhí ag na Ballstáit agus tús á chur acu le cur chun feidhme na bprionsabal IPM, mar a shainmhínítear iad in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Treoir Uimh. 2009/128/CE maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí, gur mór é spleáchas an chur chun feidhme sin ar dhálaí sonracha na mBallstát, agus nach ionann staid dó ar fud an Aontais;

(5) […];

(6) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur mór an dúshlán a bhfuil de dhifríochtaí i measc na mBallstát maidir le cineál an táirgthe talmhaíochta, le dáileadh na talún, agus leis na héagsúlachtaí geografacha agus aeráide ó réigiún go réigiún;

(7) TUGANN SÍ DÁ hAIRE cinneadh na Cúirte nach gceanglaíonn reachtaíocht an Aontais maidir le IPM ar fheirmeoirí taifid a choinneáil ar an gcaoi a gcuireann siad IPM i bhfeidhm, agus go bhfuil forfheidhmiú na reachtaíochta sin lag;

(8) TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach rabhthas in ann faireachán éifeachtach a dhéanamh ar TCPanna de cheal sonraí úsáideacha, ach go bhfuil roinnt de na Ballstáit ann a chuireann sonraí mionsonraithe ar fáil cheana féin i ndáil le díolachán TCPanna;

(9) AONTAÍONN SÍ leis an gCúirt gur cheart faireachán éifeachtach ar úsáid PPP ar leibhéal an Aontais a fheabhsú trí fhoráil a dhéanamh d'oibleagáidí tuairiscithe níos beaichte, lena n-áirítear sonraí neamh-chomhiomlánaithe níos mionsonraithe maidir lena n-úsáid i gcomhréir leis an reachtaíocht cosanta sonraí, ach sin a dhéanamh go praiticiúil indéanta, laistigh de chreat na n-oibleagáidí tuairiscithe atá ag feirmeoirí cheana, chun an t-ualach riaracháin a theorannú a mhéid is féidir.

(10) AONTAÍONN SÍ leis an gCúirt go gcuidíonn an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) le tacaíocht a thabhairt, trí bhíthin bearta áirithe, chun TCPanna a úsáid ar bhealach inbhuanaithe agus go bhfuil córais chomhairleacha feirme curtha ar bun aige i gcomhréir le riachtanais na bhfeirmeoirí;

(11) IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil rún ag an gCoimisiún rannchuidiú CBT le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a neartú a thuilleadh don tréimhse tar éis 2020, agus an tslándáil bia a áirithiú freisin;

(12) TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil curtha san áireamh ag an gCoimisiún sa togra maidir le CBT don tréimhse tar éis 2020 prionsabail ghinearálta IPM arb ionann iad agus ceanglais is intomhaiste ar leibhéal na feirme, ach CUIREANN SÍ IN IÚL gur rí-dheacair critéir inrialaithe a dhéanamh de phrionsabail IPM ar bhealach cóir agus gur dúshlán é sin a bhfuil tacaíocht ón gCoimisiún de dhíth ar na Ballstáit ina leith;

(13) TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur féidir tacú cheana féin le roinnt prionsabal de chuid IPM faoi chuimsiú na ngealltanas atá i gColún II maidir leis an gcomhshaol agus i ndáil leis an bhfeirmeoireacht orgánach, agus i mbearta eile de chuid CBT, amhail glasú, agus go bhféadfadh deiseanna breise a bheith ag na Ballstáit, sa togra maidir le CBT don tréimhse tar éis 2020, tacú le IPM trí mhodhanna amhail éiciscéim Cholún I agus idirghabhálacha Cholún II;

(14) TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfadh an choinníollacht ata sa togra maidir le CBT don tréimhse tar éis 2020 a bheith níos leithne cheana féin ná an creat reatha coinníollachta, agus nár cheart, dá bhrí sin, aon oibleagáidí nua a chur isteach;

(15) AONTAÍONN SÍ leis an gCúirt gur féidir cabhrú le feirmeoirí IPM a chur i bhfeidhm ach modhanna malartacha agus TCPanna is ísle riosca a chur ar fáil dóibh, agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá oideachas, oiliúint, agus taighde; forbairt teicnící agus teicneolaíochtaí nua, cur i bhfeidhm na feirmeoireachta beaichte, agus go mbeadh na nithe sin á nglacadh ag feirmeoirí;

(16) TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuarthas amach nach léirítear go hiomlán sna táscairí riosca comhchuibhithe atá ann faoi láthair a mhéid a bhí dea-thionchar ag ceanglais na Treorach maidir le hÚsáid Inbhuanaithe ar úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí, ná nach gcuirtear san áireamh leo na difríochtaí atá idir na Ballstáit;

(17) IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún uasdátú a dhéanamh ar na ceanglais maidir le sonraí, ar na modheolaíochtaí measúnaithe, agus ar na critéir chinnteoireachta is infheidhme chun micrea-orgánaigh agus substaintí eile a fhormheas; déanfar sin ionas an rochtain a éascú ar TCPanna íseal-riosca agus táscairí riosca comhchuibhithe níos fearr a fhorbairt chun na rioscaí agus an tionchar a fhágtar ar an tsláinte agus ar an gcomhshaol nuair a úsáidtear TCPanna a léiriú ar bhealach níos soiléire;

(18) MOLANN SÍ gur cheart, agus athbhreithniú á dhéanamh ar an Treoir maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí, oibleagáidí soiléire agus níos uaillmhianaí a thabhairt san áireamh – bunaithe ar tháscairí riosca comhchuibhithe feabhsaithe – maidir leis an riosca a bhaineann le húsáid TCPanna a laghdú;

(19) MOLANN SÍ do na Ballstáit tacú leis an bpróiseas sin, agus na cuspóirí atá sa Chomhaontú Glas don Eoraip, i Straitéis na Feirme go dtí an Forc, agus sa Straitéis Bithéagsúlachta, a chur san áireamh ag an am céanna.